C/2024/6798

13.11.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2024

lena mbunaítear clár oibre le haghaidh Threoir 2010/40/AE don tréimhse 2024-2028

(C/2024/6798)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair ([1]), agus go háirithe Airteagal 1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2023/2661 ([2]), leasaíodh Treoir 2010/40/AE agus tugadh isteach go sonrach Airteagal nua 4a lenar iarradh ar an gCoimisiún clár oibre le haghaidh Treoir 2010/40/AE a ghlacadh faoin 21 Nollaig 2024. Leagtar amach an clár oibre san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus sonraítear cuspóirí agus tráthchlár na ngníomhaíochtaí a bheartaíonn an Coimisiún a dhéanamh, agus á chur san áireamh go sonrach go bhféadfaí sonraíochtaí coiteanna sna ceithre réimse tosaíochta faoi Threoir 2010/40/AE a ghlacadh agus go bhféadfaí leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis.

(2) Le hAirteagal 4a(2) de Threoir 2010/40/AE, ceanglaítear ar an gCoimisiún clár oibre nua a ghlacadh roimh gach fadú 5 bliana ar an gcumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12(2). Toisc gur cheart go gcumhachtófar don Choimisiún an chéad fhadú 5 bliana eile chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh amhail ón 20 Nollaig 2028, cumhdaítear leis an gclár oibre a leagtar amach sa Chinneadh seo an tréimhse 2024-2028.

(3) Le Cinneadh C(2022) 9140 ón gCoimisiún final ([3]) lena dtugtar an clár oibre cothrom le dáta i ndáil leis na gníomhaíochtaí faoi Airteagal 6(3) de Treoir 2010/40/AE, bunaíodh clár oibre don tréimhse 2022-2027. I bhfianaise na gceanglas nua maidir leis an gclár oibre a tugadh isteach le hAirteagal 4a(1) de Threoir 2010/40/AE agus i bhfianaise go nglacfar na gníomhaíochtaí beartaithe eile don tréimhse 2022-2027 sa chlár oibre sin, ba cheart Cinneadh C(2022) 9140 final a aisghairm.

(4) Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí agus gníomhaíochtaí an chláir oibre á ndéanamh aige, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([4]).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Chórais Iompair Chliste,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Glactar leis seo an clár oibre don tréimhse 2024-2028 maidir le cur chun feidhme Threoir 2010/40/AE, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 207, 6.8.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/40/oj.
([2]) Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L, 2023/2661, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2661/oj).
([3]) Cinneadh C(2022) 9140 ón gCoimisiún final an 13 Nollaig 2022 lena dtugtar an clár oibre cothrom le dáta i ndáil leis na gníomhaíochtaí faoi Airteagal 6(3) de Threoir 2010/40/AE don tréimhse 2022-2027.
([4]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh C(2022) 9140 ón gCoimisiún final.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Clár Ábhair

Leathanach

1. Réamhrá 3

2. Raon feidhme agus tráthchlár an chláir oibre 3

3. Tuairisc agus tráthchlár le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe 4

3.1. Cúraimí an Choimisiúin a bhaineann le leasú Threoir 2010/40/AE 4

3.2. Tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe 4

3.2.1. Córais iompair chliste chomhoibritheacha (CIC-Canna) 4

3.2.2. eCall – leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun catagóirí eile feithiclí a chumhdach 4

3.2.3. Forbairt aitheantóirí nód rochtana ilmhódach 5

3.2.4. Bainistíocht tráchta agus teagmhas fheabhsaithe 5

3.2.5. Athbhreithniú ar na sonraíochtaí atá ann faoi láthair le haghaidh íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre 6

3.2.6. Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí faisnéise atá ann faoi láthair maidir le hionaid pháirceála atá slán sábháilte do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála 7

3.2.7. Leasú ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2010/40/AE 7

4. Leasú ar an gclár oibre 8

1. RÉAMHRÁ

Ó tháinig Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) i bhfeidhm i mí Lúnasa 2010, chuir an Coimisiún an chéad chlár oibre chun feidhme ([2]), a dhírigh go príomha ar ghlacadh na sonraíochtaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí tosaíochta faoin Treoir. Tháinig dhá nuashonrú ar an gclár oibre sin, do na tréimhsí 2017-2022 ([3]) agus 2022-2027 ([4]), lenar áiríodh gníomhaíochtaí nua faoi Airteagal 6(3) den Treoir.

Le hAirteagal 4a de Threoir 2010/40/AE, mar a tugadh isteach le Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ceanglaítear ar an gCoimisiún clár oibre a ghlacadh faoin 21 Nollaig 2024.

2. RAON FEIDHME AGUS TRÁTHCHLÁR AN CHLÁIR OIBRE

Sa chlár oibre, sonraítear na gníomhaíochtaí a bheartaíonn an Coimisiún a dhéanamh chun Treoir 2010/40/AE a chur chun feidhme. Áirítear leo sin beart mapála le saineolaithe na mBallstát chun soiléiriú a dhéanamh ar a raon feidhme i bhfianaise na rialacha earnálacha atá ann cheana agus reachtaíocht agus tionscnaimh sonraí thrasearnála.

Sa chlár oibre, liostaítear na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Coimisiún, go háirithe ag féachaint ar an bhféidearthacht sonraíochtaí coiteanna sna ceithre réimse tosaíochta faoi Threoir 2010/40/AE a ghlacadh agus leasú a dhéanamh dá réir ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin. Tugtar leis tuairisc agus amlíne neamhcheangailteach i gcás gach gníomhaíochta.

([1]) Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Iompair Chliste a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair, IO L 207, 6.8.2010, lch. 1.
([2]) C(2011) 289 final.
([3]) C(2018) 8264 final.
([4]) C(2022) 9140 final.
([5]) Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L, 2023/2661, 30.11.2023, lch. 1).

Bearta um chaighdeánú, gníomhaíochtaí tacaíochta nó sonraíochtaí coiteanna, d'fhéadfadh siad a eascairt as na gníomhaíochtaí, ag braith ar riachtanais, agus má cheadaíonn an leibhéal aibíochta amhlaidh. D'fhéadfadh na sonraíochtaí coiteanna a bheith i bhfoirm gnímh tharmligthe nua nó leasuithe ar ghníomh tarmligthe atá ann cheana. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go nglacfaí sonraíochtaí faoi ghníomh tarmligthe coiteann mar gheall a roinnt gníomhaíochtaí.

Tá feidhm ag an gclár oibre maidir leis an tréimhse 2024-2028.

3. TUAIRISC AGUS TRÁTHCHLÁR LE HAGHAIDH NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ BEARTAITHE

3.1. Cúraimí an Choimisiúin a bhaineann le leasú Threoir 2010/40/AE

Sa tábla seo a leanas tugtar forléargas ginearálta ar phríomhchúraimí an Choimisiúin le linn na tréimhse 2024-2028 a eascraíonn as an leasú ar Threoir 2010/40/AE le Treoir (AE) 2023/2661.

Tascanna	2024	2025	2026	2027	2028
Glacadh an chláir oibre					
An teimpléad coiteann le haghaidh thuairisciú na mBallstát agus príomhtháscairí feidhmíochta a ghlacadh					
Athnuachan Ghrúpa Comhairleach Eorpach um CICanna					
Tuarascálacha ar dhul chun cinn chur chun feidhme (2026) agus cumhachtaí tarmligthe (2028)					
Athbhreithniú ar Threoir 2010/40/AE					

3.2. Tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe

3.2.1. *Córais iompair chliste chomhoibritheacha (CIC-Canna)*

Tuairisc:

Tá sé de chuspóir ag an ngníomhaíocht sin sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh, nuair is gá, chun comhoiriúnacht, idir-inoibritheacht agus leanúnachas a áirithiú maidir le seirbhísí Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide agus a chur i mbun oibríochta ar fud an Aontais, bunaithe ar chumarsáid iontaofa shlán.

Sonraíochtaí an Aontais atá beartaithe:

— sonraíochtaí le haghaidh chóras bainistíochta dintiúr slándála CIC-Canna an Aontais;

— sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí comhchuibhithe CIC-Canna;

— sonraíochtaí chun forbairt agus cur chun feidhme CIC-Canna a chothú, go háirithe chun tacú leis an tsoghluaisteacht chomhoibritheach, nasctha agus uathoibrithe.

Leis an ngníomhaíocht sin, cumhdaítear gach cineál feithicle agus úsáideoirí agus breithneofar aibíocht na seirbhísí le haghaidh, i measc nithe eile, feithiclí éigeandála, feithiclí iompair phoiblí, úsáideoirí soghonta bóithre amhail dé-rothaigh chumhachtaithe agus rothair, oibrithe bóthair, feithiclí earraí troma, veaineanna agus gluaisteáin. Áirítear leis sin freisin eilimintí bonneagair áitiúil agus lárnaigh (aonaid cois bóthair agus stáisiún lárnacha CIC-Canna). Tosóidh an ghníomhaíocht le beartas mapála, i gcomhar le saineolaithe agus páirtithe leasmhara na mBallstát, chun raon feidhme na gníomhaíochta a shoiléiriú a thuilleadh, e.g. seirbhísí a shainaithint, lena n-áirítear sineirgí le seirbhís íosfhaisnéise uilechoitinne tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Ina dhiaidh sin, ba cheart staidéar tacaíochta a sheoladh.

(réimse tosaíochta IV de Threoir 2010/40/AE)

Tráthchlár:

2024-2027

3.2.2. *eCall – leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun catagóirí eile feithiclí a chumhdach*

Tuairisc:

Mar a fógraíodh sa straitéis um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste ([6])(gníomhaíocht Uimh. 75) ón gCoimisiún, agus tar éis creat dlíthiúil eCall a chur in oiriúint in 2024 do theicneolaíochtaí cumarsáide leictreonacha paicéadlasctha nua, measfar leis an ngníomhaíocht sin an gá pointí freagartha sábháilteachta poiblí ('PFSPanna') a choigeartú .de bharr go bhféadfadh sé go leathnófaí eCall chun catagóirí eile feithiclí a chumhdach, mar shampla feithiclí earraí troma, busanna agus cóistí, dé-rothaigh chumhachtaithe agus tarracóirí talmhaíochta.

Baineann an ghníomhaíocht sin le forbairtí sa chreat reachtach atá ann cheana maidir le PFSPanna eCall agus córas eCall infheithicle ([7]), lena n-áirítear reachtaíocht a théann thar an Treoir maidir le córais iompair chliste agus braitheann an ghníomhaíocht ar na forbairtí sin. Ba cheart measúnú tionchair lena gcumhdaítear gach gné de eCall a bheith mar bhonn taca le leathnú féideartha eCall chuig catagóir eile feithiclí. Go sonrach, ba cheart go measfaí leis na hathruithe is gá ar na sonraíochtaí le haghaidh PFSPanna faoi Threoir 2010/40/AE.

(réimse tosaíochta III de Threoir 2010/40/AE)

Tráthchlár:

2025-2028

3.2.3. *Forbairt aitheantóirí nód rochtana ilmhódach*

Tuairisc:

Tá sé de chuspóir ag an ngníomhaíocht sin tacú le cruthú aitheantóirí uathúla Eorpacha (EUID) le haghaidh nóid rochtana (le haghaidh modhanna sceidealaithe agus iompar ar éileamh nuair is ábhartha). Thacódh forbairt aitheantóirí uathúla Eorpacha le forbairt seirbhísí ilmhódacha, lena n-áirítear seirbhísí ticéadaithe, agus d'éascódh sí chur chun feidhme an Rialacháin Tharmligthe maidir le seirbhísí faisnéise faoin taisteal ilmhódach ([8]) faoi Threoir 2010/40/AE.

I dtús báire, áirítear leis an ngníomhaíocht mapáil ar na huirlisí atá ann cheana chun nóid rochtana a shainaithint agus chun a fhiosrú cén chaoi a bhforbrófar aitheantóirí uathúla Eorpacha a thuilleadh. Go sonrach, leis an obair fiosrúcháin, déanfar athbhreithniú ar infhaighteacht nód rochtana sainaitheanta sna Ballstáit agus molfar bealach le aitheantóirí uathúla Eorpacha a shainiú, sa dara céim, le haghaidh na nód rochtana sin.

Ba cheart obair ullmhúcháin a dhéanamh mar chuid de thionscadal cúnaimh theicniúil de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa. Ba cheart go bpléifí gníomhaíochtaí leantacha, sonraíochtaí an Aontais a d'fhéadfaí a ghlacadh faoi Threoir 2010/40/AE, cuir i gcás, is é sin iad a phlé le saineolaithe na mBallstát bunaithe ar mholtaí an tionscadail sin.

(réimse tosaíochta I de Threoir 2010/40/AE)

Tráthchlár:

2025-2027

3.2.4. *Bainistíocht tráchta agus teagmhas fheabhsaithe*

Tuairisc:

Leis an ngníomhaíocht sin, measfar an gá le forbairtí breise i réimse tosaíochta II de Threoir 2010/40/AE, go sonrach maidir le seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas.

Tá roinnt tionscnamh ar siúl sa réimse sin cheana féin. Áirítear leo sin moltaí agus obair an Fhóraim Dhigitigh Iompair agus Lóistíochta maidir le cumasú a dhéanamh ar chomhroinnt sonraí maidir le lóistíocht ilmhódach, slabhraí soláthair lena gcumhdaítear iompar gan pháipéar, córais faisnéise le haghaidh conairí lastais agus faisnéis leictreonach faoi iompar lastais. Is é an cuspóir atá ann measúnú a dhéanamh ar an ngá le gníomhaíochtaí comhlántacha, go háirithe gníomhaíochtaí a thacódh le sruthanna faisnéise caighdeánaithe nó le comhéadain idir na lárionaid rialaithe/faisnéise tráchta agus páirtithe leasmhara CCI. D'fhéadfaí a áireamh leis sin comhroinnt faisnéise caighdeánaithe (agus go trasteorannach) maidir le suíomhanna agus bealaí lastais chontúirtigh, agus comhroinnt faisnéise caighdeánaithe maidir le réitigh mhicrea-shoghluaisteachta, lena n-áirítear rothaíocht (e.g. méideanna, pátrúin, páirceáil agus bonneagar).

([6]) COM(2020) 789 final.

([7]) https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/intelligent-transport-systems/road/action-plan-and-directive/interoperable-eu-wide-ecall_ga.

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais a sholáthar (IO L 272, 21.10.2017, lch. 1).

Ag féachaint chun cinn, i gcomhthéacs CIC-Canna agus uathoibríocht, agus de réir moltaí ón dara céim den Ardán CIC-C, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt gníomhaíochtaí riachtanach ó thaobh sonraí, caighdeáin agus nósanna imeachta de.

Tosóidh an ghníomhaíocht le staidéar a sheolfaidh an Coimisiún in 2024 chun an gá a bheadh le gníomhaíocht bhreise a fhiosrú, a shainaithint, a anailísiú agus a mheas, gníomhaíocht bhreise i ndáil le seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas. Cuireann seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas an deis ar fáil trácht ar an ngréasán bóithre a chothromú agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr, agus, dá bharr sin, bhainfí an úsáid is fearr is féidir as as an acmhainneacht bóithre. Bíonn na teicneolaíochtaí sofaisticiúla i gceist leis na seirbhísí sin, teicneolaíochtaí lena ndéantar faireachán agus rialú ar dhálaí agus ar theagmhais tráchta i bhfíor-am agus lena dtugtar freagairt orthu.

Leis an staidéar sin, measfar an obair a rinneadh cheana i roinnt tionscnaimh Eorpacha amhail an Fóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta, chomh maith le tionscadail náisiúnta, go háirithe iad siúd a bhaineann le bainistiú feabhsaithe tráchta, amhail an tionscadal comhchistithe SCE Socrates 2.0 ([9]).

Pléifear céimeanna breise a d'fhéadfaí a ghlacadh, amhail bearta um chaighdeánú, gníomhaíochtaí tacaíochta nó sonraíochtaí coiteanna, le saineolaithe na mBallstát, bunaithe ar mholtaí an staidéir.

(réimse tosaíochta II de Threoir 2010/40/AE)

Tráthchlár:

2024-2026

3.2.5. *Athbhreithniú ar na sonraíochtaí atá ann faoi láthair le haghaidh íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre*

Tuairisc:

Leis an ngníomhaíocht sin, meastar an ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún ([10]) chun tacú níos mó le soláthar seirbhísí íosfhaisnéise uilechoitinne tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre saor in aisce d'úsáideoirí. Leis an ngníomhaíocht, agus rialacha earnála atá ann cheana agus reachtaíocht agus tionscnaimh thrasearnála maidir le sonraí á gcur san áireamh, breithneofar go háirithe an méid seo a leanas:

— simpliú a dhéanamh ar an oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 886/2013 agus í a ailíniú le hoibleagáidí tuairiscithe Threoir 2010/40/AE;

— más féidir, na torthaí ó thionscadail chomhair idir na Ballstáit a chomhtháthú, e.g. maidir le sainithe, nósanna imeachta um chomhlíontacht agus um chigireacht, meiteashonraí, caighdeáin, laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 886/2013;

— cuir leis na cineálacha teagmhas, más féidir, amhail 'deireadh scuaine' nó 'feithiclí éigeandála ag teacht';

— leathnú, más féidir, chun raon feidhme geografach Rialachán (AE) Uimh. 886/2013 a chumhdach;

— a fhiosrú an bhfuil an Rialachán cothrom le dáta, agus forbairtí gaolmhara á gcur san áireamh, amhail forbairtí a eascraíonn as tionscadail NAPCORE ([11]), agus Sonraí maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre ([12]), forbairtí as forás reachtaíocht CEE-NA nó as cur chun feidhme an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta ([13]) agus as an Treoir maidir le RISM ([14]), agus as an reachtaíocht agus a cur in úsáid sa réimse CCI-C.

([9]) https://trimis.ec.europa.eu/project/socrates-20.

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí (IO L 247, 18.9.2013, lch. 6).

([11]) Gníomhaireacht um Chomhordú Pointí Rochtana Náisiúnta don Eoraip – https://napcore.eu.

([12]) Sonraí le haghaidh Sábháilteacht ar Bhóithre - https://www.dataforroadsafety.eu.

([13]) Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

([14]) Treoir (AE) 2019/1936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú (IO L 305, 26.11.2019, lch. 1).

Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún staidéar a sheoladh in 2025 agus é beartaithe go n-ullmhódh sé an t-athbhreithniú sin.

(réimse tosaíochta III de Threoir 2010/40/AE)

Tráthchlár:

2024-2026

3.2.6. *Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí faisnéise atá ann faoi láthair maidir le hionaid pháirceála atá slán sábháilte do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála*

Tuairisc:

Leis an ngníomhaíocht sin, measfar an gá athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 ón gCoimisiún ([15]) chun tacú níos mó le soláthar na seirbhísí faisnéise atá ann faoi láthair maidir le hionaid pháirceála atá slán sábháilte do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála. Leis an ngníomhaíocht, agus rialacha earnála atá ann cheana agus reachtaíocht agus tionscnaimh thrasearnála maidir le sonraí á gcur san áireamh, breithneofar go háirithe an méid seo a leanas:

— simpliú a dhéanamh ar an oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 885/2013 agus í a ailíniú le hoibleagáidí tuairiscithe Threoir 2010/40/AE;

— más féidir, na torthaí ó thionscadail chomhair idir na Ballstáit a chomhtháthú, e.g. maidir le sainithe sonraí, nósanna imeachta um chomhlíontacht agus um chigireacht, meiteashonraí, caighdeáin, laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 885/2013;

— leathnú, más féidir, chun raon feidhme geografach Rialachán (AE) Uimh. 885/2013 a chumhdach;

— a fhiosrú an bhfuil an Rialachán cothrom le dáta, agus forbairtí gaolmhara á gcur san áireamh, amhail na forbairtí a eascraíonn as an tionscadal NAPCORE, agus as forás na reachtaíochta amhail Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ([16]) agus Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) maidir le TEN-T.

Chuige sin, ba cheart don Choimisiún staidéar a sheoladh in 2026 arb é is aidhm dó an t-athbhreithniú sin ullmhú.

(réimse tosaíochta III de Threoir 2010/40/AE)

Tráthchlár:

2026-2027

3.2.7. *Leasú ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2010/40/AE*

Tuairisc:

I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2010/40/AE, is é cuspóir na gníomhaíochta seo sainiú a dhéanamh ar na dátaí is infheidhme le haghaidh na gcineálacha sonraí seo a leanas a liostaítear in Iarscríbhinn III:

— rialacháin maidir le seachadadh lastais;

— treo taistil ar lánaí inchúlaithe;

— srianta buana ar rochtain;

— teorainneacha srianta, toirmeasc nó oibleagáidí le bailíocht chriosach, stádas rochtana reatha agus coinníollacha le haghaidh cúrsaíochta i gcriosanna tráchta rialáilte;

([15]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise a sholáthar d'ionaid pháirceála atá slán sábháilte do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (IO L 247, 18.9.2013, lch. 1).

([16]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin a bhunú ina sonraítear leibhéal seirbhíse agus slándála na limistéar páirceála slán sábháilte agus leis na nósanna imeachta chun iad a dheimhniú (IO L 170, 28.6.2022, lch. 27).

([17]) Rialachán 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— suíomh na nód rochtana sainaitheanta le haghaidh gach modha sceidealaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi inrochtaineacht na nód rochtana agus na gconairí laistigh de phointe aistrithe (amhail ardaitheoirí nó staighrí beo a bheith ann) (le haghaidh nóid uirbeacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (p), de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 agus a liostaítear sa Rialachán sin, lena n-áirítear na nóid sin a riarann na cathracha).

Ba cheart na dátaí sin a shainiú le gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn III. Tiocfaidh sé sin tar éis anailís costais is tairbhe agus comhairliúcháin iomchuí, agus tabharfaidh sé aird ar an bhforbairt margaidh agus teicneolaíochta ar fud an Aontais.

Tráthchlár:

2026-2027

4. LEASÚ AR AN GCLÁR OIBRE

Ag brath ar an dul chun cinn maidir leis an gclár oibre a chur chun feidhme, d'fhéadfaí na hoiriúnuithe riachtanacha a mholadh dá mba ghá le linn na tréimhse 2024-2028.